Clár

1.	Céard é an Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh?	3
2.	Conas a cháilítear le haghaidh na híocaíochta seo?	4
3.	Céard is tástáil acmhainne ann?	4
4.	An féidir liom íocaíocht eile leasa shóisialaigh a fháil chomh maith le Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh?	7
5.	Cé mhéad is féidir a fháil?	8
6.	Conas a fhaightear an íocaíocht?	9
7.	Céard í an tSeirbhís Buiséad Teaghlaigh?	9
8.	Cén fhad a n-íocfar mé?	10
9.	Cé na sochair eile atá ar fáil?	10
10.	Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?	13
11.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	15
	Pointí le tabhairt faoi deara	16

Nollaig 2010

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáilithe le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó lenár Seirbhísí Eolais, le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha cáilithe (féach ar leathanach 15 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart ag am a fhoilsithe. Is mar threoir amháin atá an leabhrán seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar ann.

1. Céard é an Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh?

Más baintreach (fir) nó páirtnéir sibhialta marthanach thú agus mura gcáilíonn tú le haghaidh Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (logáil isteach ar www.welfare.ie chun tuilleadh eolais a fháil) agus é bunaithe ar do thaifead árachais féin ná ar thaifead árachais do chéile/pháirtnéara shibhialta nach maireann, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Is íocaíocht de réir tástáil acmhainne é seo agus cuirtear aon ioncam atá agat san áireamh chun do cheart i leith na híocaíochta a mheas.

Má tá leanaí cáilithe agat, d'fhéadfá a bheith i dteideal Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Tabhair faoi deara

Ó Mheán Fómhair 2006, tá Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ar fáil dóibh siúd amháin atá faoi bhun 66 bliain d'aois. Nuair a bheidh 66 bliain d'aois slánaithe agat, tabharfar cuireadh duit iarratas a chur isteach ar Phinsean Stáit (Neamh-ranníocach).

2. Conas a cháilítear le haghaidh na híocaíochta seo?

Cáileoidh tú má tá tú:

- i do bhaintreach (fir) nó i do pháirtnéir sibhialta marthanach, nó
- colscartha ó do chéile/pháirtnéir sibhialta nach maireann agus murar phós tú arís/murar chláraigh tú i bpáirtnéireacht shibhialta nua,

  agus
- mura bhfuil tú in aontíos le duine eile (is é sin, tú féin agus duine eile in bhur gcónaí le chéile mar fhear agus mar bhean chéile/mar pháirtnéirí sibhialta),
- má shásaíonn tú an Coinníoll Gnáthchónaithe*
- má shásaíonn tú tástáil acmhainne,

  agus
- má tá tú i do chónaí sa Stát.

*Caithfidh tú an Coinníoll Gnáthchónaithe a shásamh le bheith i dteideal íocaíochtaí cúnaimh leasa shóisialaigh áirithe agus chun Sochar Linbh a fháil. Tháinig an coinníoll seo i bhfeidhm ar 1 Bealtaine 2004 agus bíonn tionchar aige ar gach iarratasóir, beag beann ar a náisiúntacht. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

3. Céard is tástáil acmhainne ann?

Is gá duit tástáil acmhainne a chomhlíonadh le cáiliú don íocaíocht. Is ionann d'acmhainn agus aon ioncam atá agat agus aon réadmhaoin (ach amháin d'áit chónaithe féin) nó aon sócmhainn eile a d'fhéadfadh airgead a thuilleamh ar do shon nó a d'fhéadfadh ioncam a sholáthar duit.

D'fhéadfadh Cigire Leasa Shóisialaigh cuairt a thabhairt ort sa bhaile. Beidh air/uirthi tú a cheistiú faoi nithe a áirítear mar acmhainn, agus d'fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ort doiciméid a thaispeáint, amhail cuntais nó ráitis bhainc.

Cad a áirítear mar acmhainn

Is iad na príomhnithe a áirítear mar acmhainn ná:

- ioncam i bhfoirm airgid,
- luach aon réadmhaoine atá agat (seachas d'áit chónaithe féin), agus
- luach infheistíochtaí agus coigiltis atá agat.

Ioncam ó fheirm thalún

Áirítear an luach bliantúil d'aon sochar a bhaineann tú ó úinéireacht feirme nó ó fheirm a ligean ar cíos mar ioncam. Déantar an luach bliantúil a ríomh trí na costais riachtanacha a bhí ort a bhaint ó d'ioncam comhlán.

Infheistíochtaí agus coigilteas

Ní ghlactar leis gurb ionann d'acmhainn agus an t-ioncam iarbhír a fhaigheann tú ó infheistíochtaí agus ó airgead i gcuntas coigiltis. Cuirimid na rudaí seo a leanas le chéile, chun d'acmhainn ó infheistíochtaí agus ó choigilteas a ríomh:

- luach airgid thirim na n-infheistíochtaí agus na réadmhaoine,
- airgead i gcuntas coigiltis, agus
- airgead ar láimh nó airgead atá i gcuntas reatha i mbanc.

Úsáidimid an fhoirmle sa bhosca thíos ansin.

Caipiteal	Acmhainn sheachtainiúil a bhíonn measúnaithe
An chéad €20,000	Nialas
€20,000 - €30,000	€1 in aghaidh €1,000
€30,000 - €40,000	€2 in aghaidh €1,000
Breis is €40,000	€4 in aghaidh €1,000

Sampla

Tá coigilteas €45,000 ag baintreach (fir)/páirtnéir sibhialta marthanach agus níl aon acmhainn eile aici/aige.

Coigilteas iomlán	€45,000
Lúide an chéad €20,000 (gan aird tugtha air)	€20,000
Iarmhéid	€25,000

Déantar measúnú ar iarmhéid €25,000 mar seo a leanas:

€10,000 á mheasúnú ar €1 in aghaidh €1,000	€10.00
€10,000 á mheasúnú ar €2 in aghaidh €1,000	€20.00
€ 5,000 á mheasúnú ar €4 in aghaidh €1,000	€20.00
Acmhainn sheachtainiúil	€50.00
Íocaíocht sheachtainiúil	€161.80 (Rátaí Eanáir 2011)

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Cén rud nach n-áirítear mar acmhainn?

Seo a leanas roinnt de na rudaí nach ionann iad agus acmhainn:

- d'áit chónaithe féin,
- aon íocaíocht ón Roinn seo,
- Liúntas Leasa Forlíontach,
- an chéad €100 de thuilleamh seachtainiúil ó fhostaíocht, ach ní féinfhostaíocht,
- méid áirithe ioncaim ó bhreacfhostaíocht le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), mar chúntóir baile,
- Liúntas Cúram Altramais,
- ioncam ó charthanas,
- ioncam ó infheistíocht nó ó úsáid bhrabúsach

réadmhaoine, amach ó réadmhaoin a úsáidtear nó a mbaintear leas aisti go pearsanta (maoin a ligtear ar cíos nó a mbaintear úsáid bhrabúsach eile aisti, meastar í ar bhunús luach caipitil leis an bhfoirmle ar leathanach 5),

agus

- ioncam ó lóistín a chur ar fáil do mhic léinn a bhíonn ag staidéar na Gaeilge i nGaeltachtaí, faoi scéim a riarann Aire na Gaeltachta.

Más amhlaidh go bhfaigheann tú cíos ó dhuine a chónaíonn leat agus go mbeifeá i do chónaí i d'aonar murach é/í, ní áireofar é mar acmhainn.

4. An féidir liom íocaíocht eile leasa shóisialaigh a fháil chomh maith le Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh?

Is féidir cáiliú le haghaidh **leathráta** pearsanta de na híocaíochtaí seo a leanas ar feadh tréimhse theoranta, in éineacht le Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh:

- Sochar do Lucht Cuardaigh Fostaíochta,
- Sochar Breoiteachta,
- Sochar Máithreachais,
- Sochar Uchtaíoch,
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta, nó
- Sochar Díobhála Ceirde.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfá leathráta de Liúntas Cúramóra a fháil, chomh maith le Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a fháil i do cheart féin.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Má tá Pinsean Easláine á fháil agat agus má shásaíonn tú na coinníollacha le haghaidh Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh, d'fhéadfá **leath an ráta phearsanta** de Shochar Breoiteachta a bhfuil tú ina theideal a fháil ar feadh tréimhse theoranta in ionad Pinsean Easláine. Bíonn sé seo á íoc in éineacht le do Phinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Má tá tú mar chaomhnóir dílleachta, d'fhéadfá Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) a fháil ar a s(h)on.

Tabhair faoi deara

Ní féidir leat Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a fháil in éineacht le Pinsean Stáit (Ranníocach) ná Pinsean Stáit (Eatramhach).

5. Cé mhéad is féidir a fháil?

Bíonn do ráta íocaíochta faoi réir mhéid d'acmhainne seachtainiúla. Is féidir go mbeadh acmhainn sheachtainiúil agat ó fhoinse ar bith (mar shampla, ioncam airgid thirim, réadmhaoin, infheistíochtaí nó coigilteas) suas le €7.60 in aghaidh na seachtaine agus d'fhéadfá an ráta uasta pinsin a fháil go fóill. Má thagann aon mhéadú nó athrú ar d'acmhainn, ba chóir duit an Roinn a chur ar an eolas faoi. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

6. Conas a fhaightear an íocaíocht?

Is féidir tú a íoc go seachtainiúil:

- ag d'oifig phoist áitiúil le cárta seirbhísí sóisialacha,

  nó

- trí íocaíocht dhíreach isteach i do chuntas in institiúid airgeadais. Is gá go mbeadh cuntas reatha, taisce nó coigiltis i gceist.

7. Céard í an tSeirbhís Buiséad Teaghlaigh?

Is seirbhís saor in aisce í an tSeirbhís Buiséad Teaghlaigh de chuid An Post, le haghaidh custaiméirí a fhaigheann Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh. Tá rogha i gceist chun cabhrú leat billí teaghlaigh a íoc gan an iomarca dua. Cuireann sé áiseanna dochair dhírigh ar fáil chun gur féidir íocaíocht sheasta a dhéanamh le ceann ar bith díobh seo a leanas:

- cíos/morgáistí a íoc leis na húdaráis áitiúla,
- costais fuinnimh a íoc le BSL agus Bord Gáis, agus
- táillí gutháin a íoc le hEircom.

Tá cead agat an tSeirbhís Buiséad Teaghlaigh a úsáid san aon chás go bhfaigheann tú do Phinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ag d'oifig phoist áitiúil le cárta seirbhísí sóisialacha.

Déan teagmháil le An Post trí Shaorglao ar **1800 70 71 72** chun tuilleadh eolais a fháil.

8. Cén fhad a n-íocfar mé?

Tá cead agat Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh a fháil, fad is a shásaíonn tú na coinníollacha cáilitheacha agus go bhfuil tú faoi bhun 66 bliain d'aois.

Nuair a bheidh 66 bliain d'aois slánaithe agat, tabharfar cuireadh duit iarratas a chur isteach ar Phinsean Stáit (Neamh-ranníocach). Cuirfear stop leis an bpinsean seo má phósann tú arís/má chláraíonn tú i bpáirtnéireacht shibhialta nua, nó má tá tú i do chónaí le duine éigin eile mar fhear nó mar bhean chéile/mar pháirtnéirí sibhialta.

Má ghabhann tú le bheith i do chónaí taobh amuigh den Stát

Ní íoctar Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh taobh amuigh den Stát.

Má tá tú chun Poblacht na hÉireann a fhágáil le bheith i do chónaí thar lear, ba chóir duit muid a chur ar an eolas láithreach. Má fhilleann tú chun cónaithe anseo, ba chóir duit iarratas a chur isteach ar do phinsean arís, láithreach bonn.

9. Cé na sochair eile atá ar fáil?

Má fhaigheann tú Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh, d'fhéadfá na rudaí seo a leanas a fháil chomh maith:

- Deontas Méala,
- Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh,
- Sochar Báis faoin Scéim Díobhálacha Ceirde,
- Liúntas Breosla,
- Pacáiste Sochair Teaghlaigh, agus
- cúnamh faoin Scéim Liúntas Leasa Forlíontach.

Deontas Méala

Is féidir leat Deontas Méala a fháil agus é bunaithe ar do thaifead ÁSPC féin nó ar thaifead ÁSPC do chéile/pháirtnéara shibhialta nach maireann. Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh

Is íocaíocht aon uaire é Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh do bhaintreacha, baintreacha fir agus páirtnéirí sibhialta marthanacha a bhfuil leanaí cáilithe acu, chun tacaíocht ioncaim a sholáthar tar éis bhás a gcéile/bpáirtnéara shibhialta.

Baineann an deontas seo le baintreacha, baintreacha fir (ina mbaintreacha (fir) ó 1 Nollaig 1999) agus páirtnéirí sibhialta marthanacha (ó 1 Eanáir 2011) amháin a bhfuil leanbh cáilithe amháin acu ar a laghad.

Má tá tú ag cur iarratais isteach ar Phinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh, nó ar Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora do Bhaintreach (Fir), ní gá duit iarratas a chur isteach ar an deontas seo, mar déanfaimid sin a phróiseáil go huathoibríoch.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Tabhair faoi deara

Má tá tú mar chaomhnóir dílleachta, d'fhéadfá Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-ranníocach) a fháil.

Sochar Báis faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde

Más rud é go bhfuair do chéile/pháirtnéir sibhialta bás mar gheall ar thimpiste oibre nó de ghalar oibre nó má bhí méid áirithe de Phinsean Míthreorach á fháil aige/aici nuair a fuair

sé/sí bás, d'fhéadfá cáiliú le haghaidh Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh faoin Scéim um Shochair Dhíobhálacha Ceirde **in áit** Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Liúntas Breosla

D'fhéadfá Liúntas Breosla a fháil ó Mheán Fómhair go Bealtaine, faoi réir coinníollacha áirithe. Is é ceann de na coinníollacha seo ná go bhfuil tú i do chónaí leat féin nó le daoine sainithe ar leith.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Pacáiste Sochair Teaghlaigh

Má tá tú idir **60 agus 65 bliain d'aois** agus má bhí Pacáiste Sochair Teaghlaigh á fháil ag do chéile/pháirtnéir sibhialta nach maireann ag am a b(h)áis, d'fhéadfá iarratas a chur isteach ar na sochair seo. Caithfidh tú na gnáthchoinníollacha cáilitheacha le haghaidh na scéimeanna seo a shásamh, áfach, agus is gá go raibh tú i do bhuanchónaí le do chéile/pháirtnéir sibhialta sula bhfuair sé/sí bás.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Cúnamh faoin Scéim Liúntas Leasa Forlíontach

D'fhéadfaí go n-áireofaí cúnamh leis na costais sochraide, íocaíochtaí cíosa nó morgáiste leis seo.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

10. Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?

Ba cheart duit iarratas a chur isteach taobh istigh de 3 mhí ó bhás do chéile/pháirtnéara shibhialta. Má theastaíonn uait iarratas a chur isteach, comhlánaigh foirm iarratais **WP 1** agus seol í in éineacht leis na teastais agus na doiciméid bhainteacha chuig:

Rannóg an Phinsin Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Bóthar an Choláiste
Sligeach

Íosghlao: 1890 500 000 (ó Phoblacht na hÉireann amháin)

+353 71 915 7100 (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht)
Déan cinnte, le do thoil, go bhfuil d'fhoirm iarratais comhlánaithe go hiomlán, sula gcuirtear isteach í.

Rabhadh: Mura ndéantar iarratas in am, d'fhéadfaí roinnt íocaíochta a chailleadh.

Teastais le seoladh in éineacht le d'iarratas

Nuair a dhéanann tú iarratas, d'fhéadfaí go mbeadh ort teastais a sheoladh isteach chugainn **má tharla an bhreith/na breitheanna nó an pósadh/pháirtnéireacht shibhialta taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann**, amhail:

- do theastas breithe,
- teastas breithe do chéile/pháirtnéara shibhialta nach maireann,
- teastas báis do chéile/pháirtnéara shibhialta nach maireann,
- do theastas pósta shibhialta/páirtnéireachta sibhialta,
- teastais breithe do leanaí cáilithe. Tabhair faoi deara: Níl aon ghá le teastas breithe má fhaigheann tú Sochar Linbh do na leanaí seo cheana féin.

Ní ghlacaimid le fótachóipeanna de na teastais.

Mura bhfuil tú in ann na teastais a fháil ar an bpointe boise, ba chóir duit d'fhoirm iarratais ar phinsean a sheoladh isteach le nóta, ina luaitear go seolfaidh tú na teastais isteach chomh luath agus is féidir.

I gcás go mbeidh na teastais á gcur isteach agat ar dháta níos déanaí, bí cinnte go luafaidh tú d'uimhir éilimh ar phinsean, le do thoil. Gheobhaidh tú an uimhir seo go huathoibríoch nuair a gheobhaimid d'iarratas.

Tabhair faoi deara

Seol isteach litir ó scoil nó ó choláiste má tá tú ag éileamh ar son leanbh cáilithe, atá idir 18-22 bliain d'aois agus atá ag gabháil don oideachas lánaimseartha, le do thoil.

Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP)

Ní mór duit d'Uimhir PSP féin agus Uimhir PSP do chéile/pháirtnéara shibhialta nach maireann a thabhairt. Más rud é nach bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh, le do thoil. Inseoidh siad d'Uimhir PSP duit. Más rud é nach bhfuil ceann acu agat, inseoidh siad duit céard is gá a dhéanamh chun uimhir a fháil.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar www.welfare.ie.

11. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Má tá tuilleadh eolais uait, déan teagmháil leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó le Rannóg an Phinsin Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh ag an seoladh ar leathanach 13.

Má theastaíonn uait leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil faoi sheirbhísí leasa shóisialaigh:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Líne Eolais Íosghlao ag **1890 66 22 44** (ó Phoblacht na hÉireann amháin) nó **+353 71 91 93313** (ó Thuaisceart Éireann nó ón iasacht).
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara

D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).

Pointí le tabhairt faoi deara

Ranníocaíochtaí creidiúnaithe

Bronnaimid ranníocaíochtaí creidiúnaithe nó 'creidmheasanna' i gcásanna áirithe, le haghaidh tréimhsí dífhostaíochta agus breoiteachta de ghnáth. Sa chás go bhfaigheann tú Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh, ní féidir leat creidmheasanna a fháil le haghaidh tréimhsí baintreachta amháin.

Ach má bhí íocaíocht eile leasa shóisialaigh á fáil agat a lig duit creidmheasanna a fháil díreach sular cháiligh tú le haghaidh an phinsin seo, is féidir leat creidmheasanna a fháil go fóill, fad is go sásaíonn tú na coinníollacha cáilitheacha i leith na híocaíochta sin. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh tú fianaise breoiteachta nó dífhostaíochta leanúnaí a sholáthar.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **www.welfare.ie**.

Leabhráin úsáideacha eile

Seicliosta do phinsinéirí	SW 10
Ranníocaíochtaí Creidiúnaithe	SW 12
Liúntas Breosla	SW 17
Rátaí Íocaíochta	SW 19
Sochair Báis	SW 32
Liúntas Cúramóra	SW 41
Deontas Méala	SW 47
Sochar Cúramóra	SW 49
Liúntas Leasa Forlíontach	SW 54
Pinsinéirí agus Coigilteas	SW 60
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	SW 82
Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí	SW 100
Pacáiste Sochair Teaghlaigh	SW 107
Coinníoll Gnáthchónaithe	SW 108
Deontas Baintreachais nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	SW 114

Leabhair ar fáil ó Fhaisnéis do Shaoránaigh

Méala - Eolas dóibh siúd atá faoi mhéala

Citizens **Information**

Is comhlacht reachtúil é An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh, a thacaíonn le soláthar eolais, comhairle, agus abhcóideachta don phobal ar réimse leathan na seirbhísí sóisialacha agus sibhialta. Cuireann sé suíomh gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar fáil agus tacaíonn sé leis an líonra deonach de Sheirbhísí Faisnéise do Shaoránaigh agus leis an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

www.citizensinformation.ie
Íosghlao 1890 777 121 (Luan-Aoine 9rn-9in)
Ionaid Áitiúla (féach ar na Leathanaigh Bhuí)

Tá faisnéis do shaoránaigh ar fáil ó bhreis is 250 ionad ar fud na tíre. Tá na sonraí teagmhála agus na huaireanta oscailte don Ionad Faisnéise do Shaoránaigh i do cheantar féin le fáil sna Leathanaigh Bhuí.